AN FORAS EORPACH CHUN DÁLAÍ MAIREACHTÁLA
AGUS OIBRE A FHEABHSÚ (EUROFOUND)

FÓGRA MAIDIR LE NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN OSCAILTE:

| | |
|---|---|
| Tagairt | EF-CA-24-02 |
| Cineál conartha | Gníomhaire ar Conradh[1] |
| Feidhmghrúpa | Feidhmghrúpa IV |
| Fad tosaigh an chonartha | Tréimhse 3 bliana (a fhéadfar a athnuachan) |
| Áit fostaíochta | An Bhruiséil, an Bheilg |
| Spriocdháta le haghaidh iarratas: | 24.04.2024 |

## I. FAISNÉIS FAOIN NGNÍOMHAIREACHT

Is gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh é Eurofound atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, Éire a chuireann eolas ar fáil chun cabhrú le beartais shóisialta agus beartais a bhaineann le hobair a fhorbairt do phríomhghníomhaithe i réimse bheartas sóisialta an Aontais Eorpaigh agus do shaoránaigh na hEorpa araon. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi ghníomhaíochtaí Eurofound, féach: www.eurofound.europa.eu.

Cuireann Eurofound beartas comhdheiseanna i bhfeidhm agus tá sé tiomanta don éagsúlacht agus don chuimsiú san ionad oibre. Mar eagraíocht eolais cothaíonn sé deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil chun a cuid fostaithe a fhorbairt, i gcomhréir le prionsabail agus cuspóirí na heagraíochta: dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú. Táimid dáiríre faoin inbhuanaitheacht chomhshaoil agus in 2022 bhain Eurofound a iniúchadh agus a fhíorú tosaigh amach faoi Scéim an Aontais Eorpaigh um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS).

Tá nós imeachta roghnúcháin agus earcaíochta oscailte á eagrú ag Eurofound chun liosta ionadaithe a bhunú óna ndéanfar iarrthóir a earcú don an ról seo a leanas:

**Oifigeach Idirchaidrimh in Oifig Idirchaidrimh na Bruiséile (BLO)**

Cuirtear fáilte roimh iarratais ó ghairmithe ar fud an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le beartas comhdheiseanna Eurofound.

Is í an Bhruiséil an áit fostaíochta agus beidh dualgas ar an té a cheapfar cónaí laistigh d’fhad réasúnta ó oifig Eurofound, i gcomhréir leis na Rialacháin Foirne (Airteagal 20).

## II. COMHTHÉACS AGUS DUALGAIS AN PHOIST

Agus é nó í ag tuairisciú don Stiúrthóir Feidhmiúcháin, rannchuideoidh an tOifigeach Idirchaidrimh le caidreamh Eurofound lena gheallsealbhóirí – comhpháirtithe sóisialta agus institiúidí AE – a chothabháil agus a neartú tuilleadh; tionchar obair Eurofound a mhéadú, a infheictheacht agus a ábharthacht beartais ar leibhéal AE a mhéadú; faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí agus rannchuidiú le ceapadh beartais AE trí obair Eurofound a chur chun cinn sna réimsí a chumhdaítear lena shainordú. Oibreoidh an tOifigeach Idirchaidrimh obair a dhéanamh i ndlúthchomhar, comhordóidh sé nó sí gníomhaíochtaí agus i gcás inar gá tacóidh sé nó sí leis an mBainisteoir Sinsearach Idirchaidrimh in Oifig Idirchaidrimh na Bruiséile.

Áireofar an méid seo a leanas, inter alia, i measc chúraimí an Oifigigh Idirchaidrimh:

- Rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí a choinneáil agus dlúthchaidreamh a choinneáil le heagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta ar leibhéal an AE, le hinstitiúidí AE agus le heagraíochtaí ábhartha eile, lena n-áiritheofar comhar rialta réamhghníomhach le Eurofound;
- Gníomhaíochtaí comhair le geallsealbhóirí agus le hinstitiúidí AE a fhiosrú, a thionscnamh agus obair leantach a dhéanamh orthu agus é mar aidhm leis rannchuidiú Eurofound a neartú trína fhaisnéis agus saineolais le próisis ceaptha beartas AE;
- Faireachán, anailís agus tuairisciú a dhéanamh ar fhorbairtí beartais atá ábhartha do shainordú Eurofound, a bhaineann go príomha le gníomhaíochtaí agus tionscnaimh Eorpacha trasearnála agus earnála na

[1] féach Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh ag http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CONSLEG:1962R0031:20140101:EN:PDF

gcomhpháirtithe sóisialta Eorpacha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar Eurofound agus ar a ghníomhaíochtaí;
- Torthaí taighde a ullmhú agus a chur chun cinn go réamhghníomhach agus próisis bheartais AE a chothú; rannchuidiú Eurofound a chomhordú (rannpháirtíocht ghníomhach Eurofound in imeachtaí geallsealbhóirí ábhartha, rannchuidiú le doiciméid bheartais ghaolmhara, aschuir na dtionscadal);
- Rannchuidiú le himeachtaí, cruinnithe agus rannpháirtíochtaí le geallsealbhóirí Eurofound a eagrú, cuir i láthair a ullmhú, cúnamh a thabhairt i dtaca le lóistíocht, etc.;
- Rannchuidiú le hábharthacht beartais an chláir oibre agus na dtionscadal a fheabhsú trí smaointe tionscadail atá ábhartha ó thaobh beartais de a ghiniúint agus trí pháirt a ghlacadh, i gcás inar gá, i bplé inmheánach ábhartha;
- Gníomhaíochtaí agus tosaíochtaí Eurofound a thuairisciú agus a chur in iúl chun infheictheacht agus eolas Eurofound i dtimpeallacht an AE a neartú;
- Ionadaíocht a dhéanamh ar Eurofound go seachtrach (nuair is gá) ag cruinnithe agus meithleacha éagsúla - go háirithe iad siúd a bhaineann le comhpháirtithe sóisialta agus ECOSOC;
- Idirchaidreamh agus comhoibriú go dlúth le comhghleacaithe i dtaighde agus in aonaid eile; a gcuid oibre a éascú nuair is gá lena gcomhghleacaithe sa Bhruiséil;
- Aon chúraimí eile a iarrann an bhainistíocht líne a dhéanamh ar mhaithe leis an tseirbhís.

Beidh Oifig Idirchaidrimh Eurofound sa Bhruiséil ina háit oibre ag an Oifigeach Idirchaidrimh.

Éilítear leis an bpost eolas maith ar chreat institiúideach an AE agus ar phróisis ceaptha beartas an AE i réimse na sochaí agus na fostaíochta.
Tá gá le heolas ábhartha ar réimse oibre Eurofound, eadhon dálaí oibre agus maireachtála, fostaíocht agus caidreamh tionsclaíoch.

Táthar ag súil go mbeidh sealbhóir an phoist ina imreoir/himreoir foirne le meon straitéiseach, anailíseach, dea-eagraithe agus struchtúrtha. Ní mór sárscileanna cumarsáide a bheith aige/aici.

## III. NA CÁILÍOCHTAÍ AGUS AN TAITHÍ A THEASTAÍONN

Tá an nós imeachta roghnúcháin ar oscailt d'iarrthóirí a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas faoin dáta deiridh le haghaidh iarratas:

### 1. CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Measfar iarrthóirí a bheith incháilithe lena roghnú ar bhonn na gcritéar foirmiúil seo a leanas a bheith comhlíonta faoin spriocdháta le haghaidh iarratas:
- Ní mór dó/di a bheith ina shaoránach/ina saoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach agus a bheith i dteideal a cheart/ceart iomlán mar shaoránach;
- Aon oibleagáidí faoi na dlíthe a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu;
- Ní mór dó/di eolas críochnúil a bheith aige/aici ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil (leibhéal B2) a bheith aige/aici ar theanga eile de chuid an Aontais. Ós rud é gurb é Béarla teanga oibre Eurofound, beidh inniúlacht i mBéarla ag teastáil go dtí an leibhéal atá riachtanach chun dualgais an phoist a chomhlíonadh (leibhéal C1);[2]
- Leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do chúrsa ollscoile críochnaithe trí bliana ar a laghad arna fhianú le dioplóma.

### 2. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

Cuirfear iarrthóirí ar an ngearrliosta ar bhonn na gcritéar seo a leanas:
- Taithí ghairmiúil chruthaithe cúig bliana ar a laghad ag obair i dtimpeallachtaí idirnáisiúnta agus ilchultúrtha lena n-áirítear taithí le hinstitiúidí AE nó le comhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an AE agus eolas praiticiúil ar shásraí ceaptha beartas an AE;
- Taithí ghairmiúil chruthaithe agus eolas domhain ar bheartais an AE i réimsí an tsaoil oibre, an chaidrimh thionsclaíoch, na fostaíochta agus na mbeartas sóisialta;
- Taithí ghairmiúil chruthaithe ar obair idirchaidrimh ar leibhéal an AE, go háirithe le geallsealbhóirí Eurofound.

[2] Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil inniúlacht i dtríú teanga ag teastáil faoi na Rialacháin agus Coinníollacha Fostaíochta Foirne sula mbeidh ardú céime ann go grád níos airde.

Anuas ar an méid thuas, is ar bhonn na gcritéar seo a leanas a dhéanfar measúnú ar iarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh triail agus agallamh a dhéanamh:

- Eolas domhain ar shásraí ceaptha beartas an AE;
- Sárobair foirne agus an cumas cur le timpeallacht dhearfach oibre;
- Sárscileanna pleanála agus eagrúcháin lena n-áirítear an cumas oibriú go héifeachtach faoi bhrú ama;
- Dearcadh dírithe ar sheirbhís;
- Mionchruinneas;
- Sárscileanna scríbhneoireachta, scileanna cumarsáide béil agus cur i láthair i mBéarla, formáidí éagsúla a chur i bhfeidhm agus díriú ar spriocphobail éagsúil; go háirithe príomhthorthaí taighde a léirmhíniú agus iad a aistriú le haghaidh riachtanas lucht ceaptha beartas éagsúil;
- Solúbthacht: inoiriúnaithe maidir le tosaíochtaí, gníomhaíochtaí ad-hoc agus pleananna a bhíonn ag athrú;
- An cumas a ualach/a hualach oibre féin a bhainistiú agus obair a dhéanamh gan mórán maoirseachta;
- Scileanna láidre idirphearsanta;
- Léirthuiscint agus eolas ar thrípháirteachas;
- Eolas ar na heagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta trasearnála agus earnála ar an leibhéal Eorpach, ar a n-eagrú agus ar a bhfeidhmiú (ba bhuntáiste é freisin taithí oibre le heagraíochtaí comhpháirtithe sóisialta).

Má iarrtar é, ní mór cruthúnas a thabhairt go gcomhlíonann an t-iarrthóir na critéir incháilitheachta trí na doiciméid chuí a sholáthar (cóipeanna de theastais oideachais, teistiméireachtaí ó fhostóirí, etc.).

## IV. EAGRÚ AN NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

Tar éis an sprioc-ama le hiarratais a chur isteach, fíoróidh an Coiste Roghnúcháin na hiarratais a cuireadh isteach de réir na gcritéar incháilitheachta atá liostaithe i roinn III.1. thuas. Déanfar na hiarratais a chomhlíonann na coinníollacha sin a mheasúnú de réir na gcritéar roghnúcháin atá liostaithe i roinn III.2 thuas.

Cuirfear iarrthóirí ar ghearrliosta agus is dóibh sin a mheastar a bheith ar na hiarrthóirí is oiriúnaí (12 iarrthóir ar a mhéad, a ghnóthaigh marc íosta de 70% sa phróiseas gearrliostaithe) a thabharfar cuireadh chun tabhairt faoi trialacha scríofa - trialacha teanga agus inniúlachta sa dara teanga AE - agus chun freastal ar agallamh leis an gCoiste Roghnúcháin. Is dócha go ndéanfar trialacha agus agallaimh (d'fhéadfadh cur i láthair gairid a bheith san áireamh) duine le duine sa Bhruiséil ag deireadh mhí na Bealtaine 2024.

Tabhair do d'aire gurb iad na hiarrthóirí ar éirigh leo san agallamh agus sa triail scríofa **araon**, agus iadsan amháin (pasmharc 70% sa dá cheann), a bheidh in ann áit a fháil ar an liosta ionadaithe.

D'fhéadfaí an liosta seo a úsáid freisin chun post comhchosúil a earcú ag brath ar riachtanais na Gníomhaireachta. Ní hionann bheith ar an liosta ionadaithe agus ráthaíocht go n-earcófar iad.

Tá tuilleadh sonraí faoi na próisis scagtha, agallaimh agus tástála leagtha amach ar shuíomh gréasáin Eurofound chomh maith le faisnéis faoin nós imeachta achomhairc agus faoi chosaint sonraí. **Moltar go láidir d'iarrthóirí an fhaisnéis sin a léamh go cruinn.**

Ní mór iarratais a chur isteach tríd an gcóras earcaíochta ar líne trí leathanach Folúntais Eurofound agus ba cheart iad a chomhlánú i mBéarla, arb é teanga oibre laethúil Eurofound é.

Ionas go mbreithneofar iad, ní mór iarratais a bheith faighte roimh 23:55 (GMT) ar an 24.04.2024.